# Deachtú Snasta – Aimsir Láithreach

an Luan

an Mháirt

an Chéadaoin



an Déardaoin

an Aoine


an Satharn

an Domhnach

Gach lá dúisím ag 7.30 agus éirím ag 7.35.




Tógaim cith agus gléasaim.



Innéacs


Cuirim mo leabhair i mo mhála scoile agus tosaím ag siúl ar scoil.



Foghlaimím rudaí suimiúla agus imrím peil.



Seinnim an fheadóg agus scríobhaim i mo chóipleabhair.



Innéacs

Téim abhaile agus déanaim m'obair bhaile.



Féachaim ar an teilifís agus tógaim mo mhadra amach ag siúl.



Glanaim mo sheomra codlata ó bhun go barr agus titim i mo chodladh go sámh.





# Tá na briathra ó fhréamhacha aonsiollacha sa chéad réimniú:

dún, bris, léim, ceap, díol, fill, fág, fan, cíor, glan, scuab, líon, bain, mill, éist, caill, caith, buail, rith, las, pós, póg, íoc, gearr, fás, múin, iarr, lig, cas, seas, leag, lean



# Tá formhór na mbriathra a thagann ó fhréamhacha ilsiollacha sa dara réimniú:

éirigh, éalaigh, roghnaigh, imigh, cuimhnigh, cuidigh, cabhraigh, gortaigh, scrúdaigh, críochnaigh, cónaigh, mothaigh, brostaigh, impigh, oibrigh, cóirigh, fiosraigh, tosaigh, socraigh, ceannaigh, bailigh, dúisigh, imir, inis, ceangail, freastail, tarraing, foghlaim



# Leathan le leathan

Bíonn guta leathan (a,o,u) ar dhá thaobh an chonsain.

AOU



# Caol le caol

Bíonn guta caol (i, e) ar dhá thaobh an chonsain.

IE




# Cuir sa mhála CUIR nó TÓG

dún, bris, léim, ceap, díol, fill, fág, fan, cíor, glan, scuab, líon, bain, mill, éist, caill, caith, buail, rith, las, pós, póg, íoc, gearr, fás, múin, iarr, lig, cas, seas, leag, lean

# Cuir na briathra sa mhála ceart

Briathra atá ‘caol’
cosúil le Cuir

Briathra atá ‘leathan’
cosúil le Tóg







# Aimsir Láithreach – cad a thugann tú faoi deara?

Cuir
Cuirim
Cuireann tú
Cuireann sé/sí
Cuirimid
Cuireann sibh
Cuireann siad

An gcuireann tú?
Cuirim.
Ní chuirim.

Tóg
Tógaim
Tógann tú
Tógann sé/sí
Tógaimid
Tógann sibh
Tógann siad

An dtógann tú?
Tógaim.
Ní thógaim.





# Aimsir Láithreach – cad a thugann tú faoi deara?

Bain
Bainim
Baineann tú
Baineann sé/sí
Bainimid
Baineann sibh
Baineann siad

An mbaineann tú?
Bainim.
Ní bhainim.


Ceap
Ceapaim
Ceapann tú
Ceapann sé/sí
Ceapaimid
Ceapann sibh
Ceapann siad

An gceapann tú?
Ceapaim.
Ní cheapaim.

# Cuir na briathra sa mhála ceart

Briathra atá ‘caol’ cosúil le Éir**igh**

Briathra atá ‘leathan’ cosúil le Ceann**aigh**





# Briathra ón gcéad réimniú in abairtí – Aimsir Láithreach

- (Glan) Seán an teach gach lá.
- (Tóg mé) lón ar scoil gach lá.
- (Fág sinn) na liathróidí sa chlós go minic.
- (Caill siad) airgead gach bliain.
- An (rith sibh) ag am lóin gach lá?
- An (scuab tú) d'fhiacla gach maidin?
- An (fág sibh) an scoil ag a trí gach lá?

Innéacs



# Briathra eile ón gcéad réimniú in abairtí

- (Bain sinn) sult as an scoil gach lá.
- (Bris) imreoirí rugbaí cnámha go minic.
- An (can sí) sa chór um Nollaig?
- Ní (bain mé) sult as spórt.
- (Tóg) gramadach go leor ama.
- Ní (lig mé) béic asam go minic.
- (Líon mé) an buidéal le huisce gach maidin.
- (Rith sé) timpeall na páirce gach tráthnóna.





# Aimsir Láithreach – cad a thugann tú faoi deara?

| | |
|---|---|
| **Dúisigh** | **Ceartaigh** |
| **Dúisím** | **Ceartaím** |
| **Dúisíonn tú** | **Ceartaíonn tú** |
| **Dúisíonn sé/sí** | **Ceartaíonn sé/sí** |
| **Dúisímid** | **Ceartaímid** |
| **Dúisíonn sibh** | **Ceartaíonn sibh** |
| **Dúisíonn siad** | **Ceartaíonn siad** |

An ndúisíonn tú?
Dúisím.
Ní dhúisím.

An gceartaíonn tú?
Ceartaím.
Ní cheartaím.



# Cleachtaí Gramadaí

- (Ceannaigh mé) bronntanas gach Nollaig.
- (Brostaigh sé) a chuid oibre go minic.
- (Buail sinn) le chéile gach deireadh seachtaine.
- (Fiosraigh) Gardaí coireanna.
- (Glan) Daid an teach go rialta.
- (Scríobh) an múinteoir i bpeann dearg.
- (Ól mé) deoch le mo lón gach lá.
- (Éirigh) an aimsir níos fuaire sa gheimhreadh agus (tit) an oíche níos luaithe.
- (Bailigh mé) airgead do charthanacht gach bliain.
- (Foghlaim sinn) briathra ar scoil.
- (Imir sinn) peil agus iománaíocht ag am lóin.
- (Tóg sinn) ár malaí scoile linn tar éis na scoile.
- Cén t-am a (éirigh tú) gach lá?
- An (dúisigh tú) go luath ar maidin?
- Ní (caith mé) mórán ama ag staidéar gach lá.





# Cad a thugann tú faoi deara?
# Inis agus Freagair

| Inis | Freagair |
|---|---|
| Insím | Freagraím |
| Insíonn tú | Freagraíonn tú |
| Insíonn sé/sí | Freagraíonn sé/sí |
| Insímid | Freagraímid |
| Insíonn sibh | Freagraíonn sibh |
| Insíonn siad | Freagraíonn siad |

An insíonn sé?
Insíonn.
Ní insíonn.

An bhfreagraíonn tú?
Freagraím.
Ní fhreagraím.

Innéacs



# Cleachtaí

- Pléigh nó scríobh alt – cad a dhéanann tú gach lá / gach deireadh seachtaine / gach samhradh / gach Nollaig.
- Anois cuir an t-alt sa tríú pearsa.
- Ag obair le páirtí – aimsigh fiche sampla den aimsir láithreach i dtéacsanna ranga. Déan liosta díobh agus scríobh ainm gach briathair.
- **Bí ag faire amach do na briathra neamhrialta.**

# An Dialann Mhachnaimh

- Cad a d'fhoghlaim mé?
- Míniú ar cad a d'fhoghlaim mé
- Mo shamplaí féin
- Cad a cheap mé?

